GA

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil8.1.2009
COIM(2008) 912 leagan deireanach

2007/0064 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun an dara fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE**

**maidir leis**

**an gcomhsheasamh ón gComhairle chun go nglacfaí togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail ag bunú teorainneacha iarmhar do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh cógaseolaíochta de in earraí bia de bhunadh ainmhíoch, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90**

2007/0064 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun an dara fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE**

**maidir leis**

**an gcomhsheasamh ón gComhairle chun go nglacfaí togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail ag bunú teorainneacha iarmhar do shubstaintí atá gníomhach ó thaobh cógaseolaíochta de in earraí bia de bhunadh ainmhíoch, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2377/90**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| Dáta tarchuir an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COIM(2007)194 leagan deireanach – 2007/0064 (COD): | 17 Aibreán 2007 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 26 Meán Fómhair 2007 |
| Dáta na tuairime ó Pharlaimint na hEorpa ag an gcéad léamh: | 17 Meitheamh 2007 |
| Dáta sceidealta do ghlacadh an chomhsheasaimh: | 18 Nollaig 2008 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é cuspóir an togra leanúint le risíocht tomhaltóra le substaintí atá gníomhach ó thaobh cógaseolaíochta de agus a bheartaítear a úsáid i dtáirgí míochaine tréidliachta le haghaidh bia-ainmhithe agus dá risíocht le hiarmhair díobh in earraí bia de bhunadh ainmhíoch a theorannú trí nósanna imeachta Comhphobail. Mar sin féin, ba cheart don togra cothabháil ardleibhéil cosanta sláinte don tomhaltóir a áirithiú ach gan cur isteach ar infhaighteacht táirgí míochaine tréidliachta sa Chomhphobal. Ag an am céanna, ba cheart don togra rannchuidiú le simpliú reachtaíochta trí inléiteacht agus soiléireacht an Rialacháin a fheabhsú i gcomhréir le straitéis an Choimisiúin maidir le rialáil níos fearr.

Tá ceithre phríomhchuspóir ag togra an Choimisiúin:

1. Infhaighteacht táirgí míochaine tréidliachta le haghaidh bia-ainmhithe a fheabhsú chun sláinte agus leas ainmhithe a áirithiú agus chun úsáid substaintí mídhleathacha a sheachaint;

2. An reachtaíocht atá ann cheana a shimpliú trí inléiteacht na bhforálacha maidir le UTIanna (Uasteorainneacha Iarmhar) bunaithe a fheabhsú le haghaidh úsáideoirí deiridh (i.e. gairmithe sláinte ainmhithe; údaráis inniúla ó thaobh rialaithe de i mBallstáit agus i dtríú tíortha);

3. Tagairtí soiléire a sholáthar le haghaidh rialú na n-iarmhar atá gníomhach ó thaobh cógaseolaíochta de in earraí bia d'fhonn cosaint shláinte an tomhaltóra agus feidhmiú an Mhargaidh Aonair a fheabhsú;

4. Na nósanna imeachta Comhphobail lena mbunaítear UTIanna a shoiléiriú trí chomhsheasmhacht i gcaighdeáin idirnáisiúnta a áirithiú.

## 3. BARÚLACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHSHEASAMH

### 3.1 Barúlacha foriomlána maidir leis an gcomhsheasamh

Ag cruinniú an 29 Deireadh Fómhair 2008, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe (COREPER) an comhaontú polaitiúil arna réiteach ag Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún le linn pléití tríthaobhacha. Tá glacadh an chomhsheasaimh sceidealta don 18/19 Nollaig 2008. Tugtar aghaidh ann ar leasuithe agus ar thograí modhnaithe araon ar bhealach sásúil atá dílis do spiorad an bhuntogra. Cuireann roinnt athruithe a dhéantar ar an togra feabhas ar an téacs ach caomhnaítear na bunchuspóirí. Baineann na leasuithe agus na tograí modhnaithe go minic leis na forálacha céanna sa togra. Is feabhsuithe ó thaobh na heagarthóireachta de iad roinnt leasuithe agus modhnuithe. Rinneadh beagán athstruchtúraithe agus athuimhrithe de bharr modhnuithe arna mbeartú ag an gComhairle.

Tugtar aghaidh sa chomhaontú polaitiúil ar na príomhleasuithe arna mbeartú ag Parlaimint na hEorpa sa chéad léamh maidir leis an méid seo a leanas:

- infhaighteacht táirgí míochaine tréidliachta;
- forálacha i dtaobh pointí tagartha le haghaidh gnímh, amhail bearta rialaithe a chur isteach, soiléiriú maidir leis na leibhéil iarmhar a chúiseoidh smachtbhannaí na n-údarás inniúil agus cóir chomhionann maidir le hallmhairí ó thríú tíortha agus trádáil laistigh den Chomhphobal;
- soiléiriú na gcoinníollacha a bheidh i gceist nuair nach n-éileofar measúnú eolaíoch na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (GLE) nuair atá UTI socraithe i gcuimsiú Choimisiún *Codex Alimentarius* Eagraíocht Bhia agus Talamhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) agus na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO).

D'fhonn freagra a thabhairt ar leasuithe sonraithe a bhaineann le hinfhaighteacht, áirítear dhá mhionathrú ar Threoir 2001/82/CE maidir le cód an Chomhphobail a bhaineann le táirgí míochaine tréidliachta. Ina theannta sin, aontaíonn an Coimisiún le Dearbhú maidir le measúnú roghanna i dtaobh athbhreithniú todhchaí ar Threoir 2001/82/CE.

Níl leasuithe a dhíríonn ar thabhairt isteach an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú (PRAC) i láthair sa chomhaontú polaitiúil cé is moite de PRAC maidir le prionsabail mhodheolaíocha arna nglacadh le haghaidh moltaí maidir le measúnú riosca agus bainistíocht riosca.

### 3.2 Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa a áirítear go hiomlán, i bpáirt nó i bprionsabal sa togra leasaithe agus a chorpraítear go hiomlán, i bpáirt nó i bprionsabal sa chomhsheasamh.

Áirítear na leasuithe seo a leanas sa chomhaontú polaitiúil go hiomlán, i bpáirt nó i bprionsabal:

2 ar athbhreithniú todhchaí ar an reachtaíocht um chógaisíocht tréidliachta, 3, 4, 6 agus 45 ar aidhm an rialacháin, 5 ar rialú bia, 8 ar phointí tagartha le haghaidh gnímh, 9 agus 10 ar ábhar agus ar raon feidhme an rialacháin, 11, 14, 15 agus 16 ar inneachar thuairim an GLE i mbunú UTI, 17 agus 18 ar infhaighteacht táirgí míochaine tréidliachta le haghaidh capall, 20, 31 agus 34 ar nós imeachta brostaithe le haghaidh bunú UTIanna, 21 féidearthacht don Choimisiún, do na Ballstáit nó do pháirtí nó eagraíocht leasmhar tuairim an GLE ar UTI a iarraidh, 23 ar

athbhreithniú ar thuairim, 24, 25 agus 26 ar na bearta cur chun feidhme, 28 agus 32 ar thrédhearcacht nuair a ghlactar le UTI arna shocrú i gcuimsiú *Codex Alimentarius*, 35 ar na modhanna anailíse, 37 agus 40 ar na modhanna maidir le pointí tagartha le haghaidh gnímh a bhunú, 38 ar bhunú agus ar athbhreithniú na bpointí tagartha le haghaidh gnímh, 39 agus 41 ar earraí bia ina bhfuil iarmhair de shubstaintí atá gníomhach ó thaobh cógaseolaíochta de a chur ar an margadh, 42 ar an ngníomh a dhéanfar má dheimhnítear gur ann do shubstaint thoirmiscthe nó neamh-údaraithe, 44 ar thuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

### 3.3 Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa nach n-áirítear sa togra leasaithe agus nach gcorpraítear sa chomhsheasamh

1 ar bhunús dlí an rialacháin, 25 ar na bearta cur chun feidhme maidir leis an athrú beartaithe ar an mBuanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe, 27 ar aicmiú substaintí atá gníomhach ó thaobh cógaseolaíochta de, 30 ar thoirmeasc ar shubstaint a thabhairt do bhia-ainmhithe, 33 ar an athrú beartaithe ar PRAC maidir le UTIanna aonair a shocrú, 36 ar chúrsaíocht earraí bia.

### 3.4 Athruithe ar an mbuntogra arna dtabhairt isteach ag an gCoimisiún sa togra leasaithe agus arna gcorprú sa chomhsheasamh

Níorbh ann do thogra leasaithe.

### 3.5 Modhnuithe eile arna dtabhairt isteach leis an gcomhsheasamh ón gComhairle i gcomparáid leis an mbuntogra

Go ginearálta, tá athstruchtúrú déanta ar an mbuntéacs mar thoradh ar roinnt modhnuithe a rinneadh ar an mbuntogra; dá bhrí sin, áirítear Airteagal 15 a bhaineann le modhanna anailíse i dTeideal IV. Ina theannta sin, tá athuimhriú déanta in áiteanna ar Theideal III agus IV den bhuntogra de thoradh modhnuithe a bhaineann leis na Teidil sin ach ní athraítear na príomheilimintí atá áirithe sa bhuntéacs dá bharr.

Tugtar isteach na modhnuithe sonracha seo a leanas:

Déantar leasú ar Aithris 19 chun áireamh táirgí bithicíde a úsáidtear i bhfeirmeoireacht ainmhithe sa togra a shoiléiriú. Ina theannta sin, sonraítear go leasófar Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 chun comhairliú i dtaobh UTIanna de shubstaintí gníomhacha i dtáirgí bithicíde a áireamh laistigh de chúraimí an GLE.

Cuirtear leis Aithris nua 19a ar mhódúlachtaí airgeadais na meastóireachta a bhaineann le bunú na n-uasteorainneacha iarmhair le haghaidh na substaintí atá gníomhach ó thaobh cógaseolaíochta de agus a bheidh le húsáid i dtáirgí bithicíde a úsáidtear i bhfeirmeoireacht ainmhithe.

Cuirtear leis Aithrisí 21a, 21b agus 22a chun áireamh na mbeart bainistíochta um rialú bia a chur san áireamh sa togra.

Leasaítear Aithris 25 chun bronnadh na gcumhachtaí ar an gCoimisiún a shoiléiriú.

Tugtar isteach Aithris nua 25a chun áireamh nós imeachta práinne i gcuimsiú an nós imeachta coiste ar mhaithe le pointí tagartha le haghaidh gnímh a bhunú a chur san áireamh.

Leasaítear Aithris 28 chun corprú na substaintí atá gníomhach ó thaobh cógaseolaíochta de a shoiléiriú mar aon lena n-aicmiú i dtaobh UTIanna mar atá leagtha síos in iarscríbhinní rialachán reatha UTI.

Modhnaítear mír 3 d'Airteagal 1 chun tagairt iomlán do Threoir 96/22/CE a áireamh.

In Airteagal 2 (b) scriostar na focail "go sonrach".

Leasaítear teideal Alt 1 i dTeideal II den bhuntogra ar mhaithe le soiléireacht.

Leasaítear friotal Airteagal 3 ar mhaithe le soiléireacht.

Leasaítear friotal Airteagal 5 chun tagairt do chosaint shláinte an duine sa phróiseas eachtarshuímh a áireamh.

Ar mhaithe le soiléireacht an fhriotail, modhnaítear pointe (c) d'Airteagal 7 tríd an sliocht seo a scrios "*.., a bhfuarthas iarmhair in earra bia áirithe de bhunadh ainmhíoch,.*."; .

Modhnaítear pointe (d) d'Airteagal 7 chun a shoiléiriú cathain nach molfar UTI.

Leasaítear teideal Alt 2 i dTeideal II den bhuntogra ar mhaithe le soiléireacht.

Leasaítear mír 2 agus mír 3 d'Airteagal 9 chun na Ballstáit agus páirtithe agus eagraíochtaí leasmhara a áireamh mar iarratathóirí féideartha ar UTI i gcuimsiú Airteagal 9.

I gcomhréir le hAithris 19 agus le hAithris 19a, tugtar isteach Airteagal nua 9a chun rún an togra táirgí bithicíde a úsáidtear i bhfeirmeoireacht ainmhithe a áireamh ann a shoiléiriú. Aontaíonn an Coimisiún leis an soiléiriú seo. Ag an am céanna, leagtar síos na módúlachtaí airgeadais a bhaineann le meastóireacht na catagóire seo táirgí.

Tugtar isteach in Airteagal 10 dara mír nua a bhaineann le síneadh UTIanna atá ann cheana.

Modhnaítear mír 2 d'Airteagal 13 sa mhéid go luafar le haicmiú substaintí atá gníomhach ó thaobh cógaseolaíochta de earraí sonracha bia nó speicis shonracha freisin, nuair is cuí.

Athraítear friotal mír 2, pointe (c) d'Airteagal 13 beagán ar mhaithe le soiléireacht.

Tugtar isteach Airteagal nua 13b a bhaineann le substaintí a thabhairt do bhia-ainmhithe agus a áiríonn, dá bhrí sin, inneachar Airteagal 14(1) de rialachán reatha UTI.

Leasaítear friotal mír 1, fomhír 2 d'Airteagal 14 beagán.

Leasaítear friotal mír 1 d'Airteagal 17, arna athuimhriú mar mhír 1 d'Airteagal 15 sa chomhaontú polaitiúil, beagán.

Cuirtear le hAirteagal 17 an nós imeachta práinne i gcuimsiú an nós imeachta coiste ar mhaithe le pointí tagartha le haghaidh gnímh a bhunú, arna athuimhriú mar Airteagal 15 sa chomhaontú polaitiúil.

Modhnaítear mír 1 agus mír 2 d'Airteagal 18, arna n-athuimhriú mar mhír 1 agus mír 2 d'Airteagal 16 sa chomhaontú polaitiúil, chun an nós imeachta maidir le bunú pointí tagartha le haghaidh gnímh a shoiléiriú.

Cuirtear mír nua 4 le hAirteagal 21, a chuireann an fhoráil seo i gcomhréim dá bhrí sin le tabhairt isteach an nós imeachta práinne i gcuimsiú an nós imeachta coiste ar mhaithe le pointí tagartha le haghaidh gnímh a bhunú.

Cuirtear mír nua 2 le hAirteagal 22 d'fhonn an fhéidearthacht le haghaidh eachtarshuímh i gcás substaintí atá aicmithe cheana féin faoi rialachán reatha UTI a thabhairt isteach.

Cuirtear isteach Airteagal nua 23a i gcomhréir le hAithris 19 ag déanamh forála do leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 725/2004 d'fhonn comhairliú i dtaobh UTIanna de shubstaintí gníomhacha atá i dtáirgí bithicíde a áireamh laistigh de chúraimí an GLE.

## 4. CONCLÚID

Tacaíonn an Coimisiún go hiomlán leis an gcomhsheasamh.

## 5. DEARBHÚ ÓN gCOIMISIÚN

Maidir le hathbhreithniú todhchaí ar Threoir 2001/82/CE maidir le cód an Chomhphobail a bhaineann le táirgí míochaine tréidliachta, bheartaigh an Coimisiún dearbhú a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar leasú 2 de Pharlaimint na hEorpa ina mbeartaítear Aithris nua 1a.

Seo a leanas friotal an Dearbhaithe beartaithe ón gCoimisiún:

"Is eol don Choimisiún na hábhair imní atá nochtaithe ag saoránaigh, tréidlianna, na Ballstáit agus tionscal shláinte na n-ainmhithe maidir leis an Treoir lena leagtar síos na rialacha a bhaineann le húdarú táirgí míochaine tréidliachta, go háirithe an tábhacht a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna atá ann cheana agus atá nasctha le hinfhaighteacht táirgí míochaine tréidliachta agus lena n-úsáid i speicis nach bhfuil sé údaraithe na táirgí sin a thabhairt dóibh agus le rialáil dhíréireach ar bith a chuirfeadh ualach agus bac ar nuálaíocht, ach leibhéal ard sábháilteachta don tomhaltóir maidir le bia de bhunadh ainmhíoch a áirithiú ag an am céanna. Cuireann an Coimisiún i bhfios go bhfuil bearta dearfacha á ndéanamh chun déileáil leis na hábhair imní seo amhail simpliú na rialacha ar tháirgí míochaine tréidliachta a mhodhnú agus an t-athbhreithniú seo ar an reachtaíocht maidir le huasteorainneacha d'iarmhair i mbia.

Ina theannta sin, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí maidir le sabháilteacht tomhaltóirí agus cosaint ar shláinte ainmhithe, iomaíochas an tionscail tréidliachta lena n áirítear gnóthais bheaga agus mheánmhéide, agus laghdú ar an ualach riaracháin, déanfaidh an Coimisiún measúnú a thíolacadh sa bhliain 2010 ar na fadhbanna a bhaineann le cur i bhfeidhm na Treorach um tháirgí míochaine tréidliachta d'fhonn tograí dlíthiúla a dhéanamh, nuair is cuí."